2025/1552

31.7.2025

CINNEADH (AE) 2025/1552 ÓN gCOMHAIRLE

an 3 Márta 2025

maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirméine lena mbunaítear creat do rannpháirtíocht Phoblacht na hAirméine in oibríochtaí bainistíochta géarchéime an Aontais Eorpaigh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 37 de, i gcomhar le h Airteagal 218(5) agus (6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh, a glacadh an 29 Aibreán 2024, d'údaraigh an Chomhairle Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slandála tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an Airméin le haghaidh Comhaontú idir an tAontas agus an Airméin lena mbunaítear creat do rannpháirtíocht na hAirméine in oibríochtaí bainistíochta géarchéime an Aontais Eorpaigh.

(2) Ar bhonn an údaraithe sin, rinneadh comhaontú den sórt sin a chaibidliú idir an tAontas agus an Airméin.

(3) Ba cheart an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirméine lena mbunaítear creat do rannpháirtíocht Phoblacht na hAirméine in oibríochtaí bainistíochta géarchéime an Aontais Eorpaigh a fhormheas thar ceann an Aontais, agus a shíniú a údarú chun ceangal a chur ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirméine lena mbunaítear creat maidir do rannpháirtíocht Phoblacht na hAirméine in oibríochtaí bainistíochta géarchéime an Aontais Eorpaigh a fhormheas thar ceann an Aontais ([1]). Údaraítear leis seo a shíniú, lena gcuirtear in iúl toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Márta 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. SZŁAPKA

([1]) Tá téacs an Chomhaontaithe foilsithe in IO L, 2025/1553, 31.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree/2025/1553/oj.